Foilsithe in *Feasta*, Eanáir, 2019, 15. Cóip an Údair.




Whelton, M., 'Dánta do Pháistí: Léirmheas ar *An Bogha Báistí: Dánta do Pháistí* (Leonard & Leonard).' *Feasta*, Eanáir, 2019, 15.

# Dánta do Pháistí

(Léirmheas ar *An Bogha Báistí: Dánta do Pháistí* le Frankie agus Niamh Leonard, Éabhlóid, 2014, ISBN: 0-956501-65-3)

## Léirmheas le Marie Whelton

Cnuasach de dhánta do pháistí idir cúig bliana d'aois agus deich mbliana d'aois is ea *An Bogha Báistí: Dánta do Pháistí* le Frankie agus Niamh Leonard. Sé dhán is fiche atá ann san iomlán. Baineann cuid de na dánta leis an nádúr; baineann cuid eile leis na séasúir agus le timthriall na bliana; pléann roinnt de na dánta le téamaí sainiúla ó *Curaclam na Bunscoile* agus baineann na dánta go léir eile le gnéithe éagsúla de shaol an pháiste. Is léir, dá bhrí sin, go mbeidh sé an-éasca na dánta sa chnuasach a úsáid sa seomra ranga agus go dtagann siad leis na téamaí agus na topaicí a bhíonn á bplé i rith na scoilbhliana.

Ó thaobh stíle de, tá na dánta éadrom agus spraíúil. Faightear greann ag sní trí na véarsaí. Uaireanta, is greann áiféiseach gan trua é, ach is greann é a bhainfidh gáire as leanaí óga agus a chabhróidh leo Gaeilge a fhoghlaim ar bhealach taitneamhach:

Foilsithe in *Feasta*, Eanáir, 2019, 15. Cóip an Údair.

Fear ar an dréimire,
ag péinteáil an tí.
Sciorr an dréimire,
Féach an fear buí! (lch 19).

Tá rím shimplí álainn i go leor de na dánta agus éascóidh sé sin an fhoghlaim de ghlanmheabhair. Feic, mar shampla, an dán a thugann a theideal don leabhar:

Solas na gréine
Is braonta báistí,
Dearg, órga,
Glas agus buí… (lch 1).

Baintear sár-úsáid as fuaimeanna na Gaeilge, freisin, chun fuaim na báistí a chur in iúl sa dán 'An Bháisteach':

Báisteach ag titim,
Plipití, plipití, plob ( lch 4),

agus chun fuaim na gaoithe a léiriú sa dán 'Gaoth ag Éirí':

Siosarnach, siosarnach,
Gaoth bhog ag séideadh.
Caoineadh is feadaíl,
Gaoth mhór ag méadú. (lch 12).

Molaim, freisin, na macallaí ó thraidisiún liteartha na Gaeilge sna dánta. Tugann 'An Fháinleog' an gearrscéal 'Eoghainín na nÉan' le Pádraig Mac Piarais chun cuimhne agus ní haon chomhtharlú é gurb é 'Eoghainín' an t-ainm atá ar an mbuachaill ann. Mar an gcéanna leis an dán

Foilsithe in *Feasta*, Eanáir, 2019, 15. Cóip an Údair.

'Éadaí': tá macallaí ann ó 'Ar Chúl an Tí' le Seán Ó Ríordáin:

> Ní chaitheann bó éadaí,
> Ní chaitheann muc bróg... (lch 10).

Thar aon rud eile, áfach, is iad na léaráidí áille atá le moladh. Tá stíl nua-aimseartha ar leith ag an ealaíontóir agus éiríonn léi éirim spraíúil na ndánta a ghabháil go cumasach. Is iad na mionsonraí sna pictiúir is mó a thugtar faoi deara. Tá bogha báistí sa spéir ar an gcéad leathanach, mar shampla, ach tá bogha báistí ar bhríste an chailín, freisin. Trí shúile méadaithe áibhéalta a thabhairt do na carachtair sa chuid is mó de na pictiúir, cuireann an t-ealaíontóir ionadh agus soineantacht na hóige in iúl. Sonraítear an ghné sin go háirithe ar leathanach a haon déag, áit a bhfeictear cailín óg faoi dhraíocht ag míorúilt agus ag iontas an earraigh.